

Treoir do Scoileanna An Foras Pátrúnachta maidir le himeachtaí iarscoile

Tá an treoir seo a leanas scríofa chun Boird Bhainistíochta a chur ar an eolas maidir lena ndualgais agus a bhfreagrachtaí maidir le gníomhaíochtaí scoile agus iarscoile ar a n-áitreabh. Clúdaíonn an treoir trí phríomhréimse:

1. Cosaint Leanáí
2. Árachas
3. Cáin

Bíonn an scoil i mbun nó ag éascú go leor gníomhaíochtaí le linn am scoile agus lasmuigh d'am scoile, áit a chuireann múinteoirí atá fostaithe ag an scoil agus daoine príobháideacha seirbhísí ar fáil do dhaltáí scoile agus go deimhin do dhaltáí nach bhfuil ar rolla na scoile. Chun aghaidh a thabhairt ar na cásanna éagsúla a bhíonn i gceist, eagraítear na treoirínte mar seo a leanas:

1. Gníomhaíochtaí a eagraíonn an scoil agus a ritheann baill foirne na scoile tar éis am scoile ar nós oiliúint a chur ar fhoireann na scoile, ullmhú do dhramaí scoile srl.
2. Gníomhaíochtaí a eagraíonn baill foirne do dhaltáí scoile a bhfuil táille chun freastal orthu. D'fhéadfadh gur múinteoir a thugann ceachtanna ceoil, ranganna ealaíne srl. a bheith i gceist.
3. Gníomhaíochtaí eagraithe ag coistí tuismitheoirí sa scoil.
4. Gníomhaíochtaí arna n-eagrú ag grúpaí aonair nach bhfuil gaol acu leis an scoil – d'fhéadfadh gur duine aonair/grúpa a bheadh ag iarraidh úsáid a bhaint as áitreabh na scoile chun ceachtanna nó oiliúint sa spórt, sa cheol, sa drámaíocht, san ealaín srl a sholáthar do na scoláirí.

1. Gníomhaíochtaí a eagraíonn an scoil agus a ritheann baill foirne na scoile tar éis am scoile

Cosaint Leanáí:

Bíonn ríomhfhosrú na nGardaí curtha i gcrích ag múinteoirí na scoile leis An Foras Pátrúnachta/An Chomhairle Mhúinteoireachta agus mar sin tá siad clúdaithe do ghníomhaíochtaí thuasluaite.

Árachas:

Clúdaíonn polasaí árachais na scoile mar atá eagraithe ag Aston Lark Brokers (grúpscéim an Fhorais) "Gníomhaíocht a Bhaineann leis an Scoil" a shainmhínítear mar ghníomhaíocht ar bith is gnách do scoil a dhéantar le heolas agus le húdarás iomlán agus faoi smacht an Bhoird Bhainistíochta scoile nó aon duine eile atá údaraithe go sonrach acu.

Go bunúsach, má bhíonn gníomhaíocht eagraithe ag an mbord bainistíochta, a íocann agus a rialaíonn an ghníomhaíocht agus go bhfuil sé do dhaltáí ar rolla na scoile, ansin beidh polasaí árachais na scoile i bhfeidhm. Seachas sin, beidh a n-árachas féin ag teastáil ó ghníomhaíochtaí lasmuigh de sin.

C. An bhfuil múinteoirí atá fostaithe ag an scoil faoi láthair clúdaithe ag árachas na scoile le haghaidh gníomhaíochtaí iarscoile ar nós ceachtanna ceoil, clubanna obair bhaile, oiliúint peile srl.?

A. Beidh siad seo clúdaithe ag árachas na scoile mar go bhfuil sé ceadaithe ag an mBord Bainistíochta agus go bhfuil na múinteoirí á n-íoc ag an mBord Bainistíochta (nó is féidir go bhfuil siad ag obair go deonach). Arís is é an impleacht atá leis seo ná go bhfuil sé seo do dhaltáí ar rolla na scoile.

Cáin:

Ní mór do gach íocaíocht a dhéanann an scoil cloí le riachtanais na gCoimisinéirí Ioncaim.

Íoctar gach fostaí scoile lena n-áirítear múinteoirí páirtaimseartha, maoirseoirí seachtracha agus baill foirne neamhtheagaisc le seic nó go leictreonach tar éis cáin, MSU agus ÁSPC an fhostaí atá dlite a asbhaint.

Tá íocaíochtaí a dhéantar le múinteoirí agus le pearsanra eile as seirbhísí mar shampla rang iarscoile faoi réir cánach, MSU agus ÁSPC.

Má bhíonn ball foirne ag tabhairt ranganna tar éis am scoile sa scoil agus go n-éascaíonn an scoil an próiseas seo trí nóta a chur abhaile ag fógairt na ranganna nó má éascaíonn an scoil an t-airgead a bhailiú, meastar gurb í an scoil sin an fostóir. Ba cheart an íocaíocht a chur tríd an bpárolla agus ba cheart asbhaintí ábhartha a dhéanamh.

2. Gníomhaíochtaí a eagraíonn baill foirne do dhaltaí scoile a bhfuil táille chun freastal orthu**Cosaint Leanáí:**

Bíonn ríomhfhosrú na nGardaí curtha i gcrích ag múinteoirí na scoile leis An Foras Pátrúnachta/An Chomhairle Mhúinteoireachta agus mar sin tá siad clúdaithe do ghníomhaíochtaí thuasluaite.

Árachas:

C. Má tá múinteoirí atá fostaithe ag an scoil ag gearradh táillí ar dhaltaí as gníomhaíochtaí iarscoile an bhfuil siad clúdaithe ag árachas na scoile nó ar cheart go mbeadh a n-árachas féin ag na múinteoirí?

F. Sa chás seo, beidh ar na múinteoirí seo a gcuid árachais féin a shocrú. Tá sé seo amhlaidh toisc go bhfuil siad á n-íoc ag na daltaí (nó na tuismitheoirí) agus go meastar iad a bheith féinfhostaithe.

Cáin:

Más mian le ball foirne ranganna a reáchtáil go príobháideach (ceol, ranganna ealaíne srl.) ach go n-úsáideann sé/sí áitreabh na scoile, caithfidh an múinteoir sin na nithe seo a leanas a dhéanamh chun a chruthú go bhfuil sé/sí féinfhostaithe agus nach bhfuil an scoil páirteach sa ghnó:

- Deimhniú Imréitigh Cánach a sholáthar don Bhord
- Bíodh árachas ar leith acu ón scoil chun an ghníomhaíocht a chlúdach
- Cíos a íoc leis an scoil
- Ní ceadmhach don scoil aon pháirt a ghlacadh i bhfógraíocht ná airgead ar bith a bhailiú

Déantar é seo chun a léiriú nach bhfuil baint ag an scoil leis an ngnó nó go measfaí gurb í an fostóir í. Mar atá thuas, má tá ball foirne ag tabhairt ranganna tar éis am scoile sa scoil agus go n-éascaíonn an scoil an próiseas seo trí nóta a chur abhaile ag fógairt na ranganna nó má éascaíonn an scoil bailiú an airgid meastar gurb í an scoil sin an fostóir. Ba cheart, mar sin, an íocaíocht a chur tríd an bpárolla agus ba cheart asbhaintí ábhartha a dhéanamh.

3. Gníomhaíochtaí eagraithe ag coistí tuismitheoirí sa scoil

Cosaint Leanáí:

Má eagraíonn coistí na dtuismitheoirí gníomhaíochtaí tar éis scoile ní mór dóibh siúd atá páirteach i seachadadh na gníomhaíochta dul trí phróiseas Ríomhfhiosrú na nGardaí (ach amháin más múinteoirí na scoile iad). Éascóidh An Foras Pátrúnachta an próiseas ríomhfhiosraithe seo.

Cás 1: Má tá tuismitheoir/oibrí deonach ag cabhrú le gníomhaíocht iarscoile

Má tá tuismitheoir deonach ag cabhrú le gníomhaíocht iarscoile ní mór dóibh Foirm Ríomhfhiosraithe a chomhlánú agus í a sheoladh chuig An Foras Pátrúnachta sula dtabharfaidh siad faoin ngníomhaíocht.

Cás 2: Ranganna Reiligiúin Iarscoile i Scoileanna Ilchreidmheacha An Foras Pátrúnachta

Má tá Coiste Tuismitheoirí ag eagrú ranganna creidimh tar éis scoile caithfidh an múinteoir a bheith ríomhfhiosraithe. Más múinteoir i scoil ar bith de chuid An Foras Pátrúnachta iad, déanfaidh An Foras Pátrúnachta/Comhairle Mhúinteoireachta an próiseas ríomhfhiosraithe a éascú.

Mura bhfuil an múinteoir fostaithe ag an scoil caithfidh siad nochtadh ríomhfhiosraithe a sholáthar don scoil. Mura bhfuil nochtadh ag an duine nó má tá ríomhfhiosrú déanta ag eagraíocht eile seachas An Foras Pátrúnachta, éascóidh An Foras Pátrúnachta an t-iarratas sin.

Árachas:

Cás 1: Má tá tuismitheoir/oibrí deonach ag cabhrú le gníomhaíocht iarscoile

Clúdaíonn polasaí árachais na scoile mar atá eagraithe ag Aston Lark Brokers (grúpscéim an Fhorais) “Gníomhaíocht a Bhaineann leis an Scoil” a shainmhínítear mar ghníomhaíocht ar bith is gnách do scoil a dhéantar le heolas agus le húdarás iomlán agus faoi smacht an Bhoird Bhainistíochta scoile nó aon duine eile atá údaraithe go sonrach acu.

Go bunúsach, má bhíonn gníomhaíocht eagraithe ag an mbord bainistíochta, a íocann agus a rialaíonn an ghníomhaíocht agus go bhfuil sé do dhaltáí ar rolla na scoile, ansin beidh polasaí árachais na scoile i bhfeidhm. Seachas sin, beidh a n-árachas féin ag teastáil ó ghníomhaíochtaí lasmuigh de sin.

Cás 2: Ranganna Reiligiúin Iarscoile i Scoileanna Ilchreidmheacha An Foras Pátrúnachta

Ní bheadh sé praiticiúil go mbeadh ar choistí tuismitheoirí árachas a fháil chun teagasc reiligiúin iarscoile i scoileanna Ilchreidmheacha a chlúdach agus mar sin d’fhéadfadh an ghníomhaíocht seo teacht faoi árachas na scoile. Má tá sé le teacht faoi árachas na scoile caithfidh an scoil cloí le riachtanais na gCoimisinéirí Ioncaim mar atá leagtha amach thíos.

Níor cheart go gcuirfeadh an freastal seo isteach ar stádas na scoile mar scoil ilchreidmheach. Níl ann ach meicníocht chun cuidiú le tuismitheoirí ar mian leo ranganna creidimh a eagrú dá leanáí tar éis uaireanta scoile.

Cáin:

Cás 1: Má tá íocaíocht le déanamh le tuismitheoir a chuidíonn le gníomhaíocht iarscoile agus Cás 2: Ranganna Reiligiúin Iarscoile i Scoileanna Ilchreidmheacha An Foras Pátrúnachta

Cibé an mbaineann sé le tuismitheoir/oibrí deonach nó le teagasc reiligiúnach a sholáthar, tá feidhm ag an mbunphrionsabal céanna .i. má cheadaíonn an Bord Bainistíochta é, má íocann sé as agus má rialaíonn sé é, agus

is cás é ina bhfuil árachas na scoile i bhfeidhm, ba cheart an íocaíocht a chur tríd an bpárolla agus ba cheart asbhaintí ábhartha a dhéanamh.

Mura bhfuil sé sin i gceist, ní mór don ghrúpa, don mhúinteoir nó don duine aonair a sholáthraíonn an gníomhaíocht nó an teagasc reiligiúnach cloí leis na treoirí seo a leanas:

- Caithfidh gach íocaíocht a dhéanann an scoil cloí leis na Coimisinéirí Ioncaim.
- Íoctar le seic nó go leictreonach le gach fostaí scoile lena n-áirítear múinteoirí páirtaimseartha, maoirseoirí seachtracha agus foireann neamhtheagasc tar éis cáin, MSU agus ÁSPC an fhostaí atá dlite a asbhaint.
- Tá íocaíochtaí a dhéantar le múinteoirí agus le pearsanra eile as seirbhísí mar shampla ranganna iarscoile faoi réir cánach, MSU agus ÁSPC.
- Má éascaíonn an scoil ranganna/gníomhaíochtaí iarscoile a bhfuil duine ag íoc astu trí nóta a chur abhaile mar shampla ag fógairt na ranganna nó má éascaíonn an scoil an t-airgead a bhailiú, meastar gurb í an scoil sin an fostóir. Ba cheart an íocaíocht a chur tríd an bpárolla agus ba cheart asbhaintí ábhartha a dhéanamh.

4. Gníomhaíochtaí arna n-eagrú ag grúpaí aonair nach bhfuil gaol acu leis an scoil

Cosaint Leanai:

Is cuma más duine aonair é nó ionadaí ó eagraíocht ar nós an FAI srl., má bhíonn siad ag déanamh gníomhaíochtaí le daltaí le linn nó tar éis am scoile caithfidh siad dul tríd an bpróiseas seiceála arna éascú ag An Foras Pátrúnachta.

Árachas:

C. Cad ba chóir don scoil a dhéanamh má tá duine eile seachas ball foirne ag baint leasa as an scoil chun ranganna ar nós ranganna ceoil, ealaín nó fiú oiliúint CLG a chur ar fáil?

A. Sa chás seo ba chóir don scoil na nithe seo a leanas a sheiceáil:

- go bhfuil a bpolasaí árachais féin ag an múinteoir, an duine aonair nó an grúpa atá ag eagrú na ngníomhaíochtaí
- go bhfuil dáta bailí aige – go bhfuil dáta éifeachtach ag gach beartas – maireann an chuid is mó ar feadh 12 mhí
- go bhfuil árachas Dliteanais Phoiblí nach lú ná €2.6m ag an bpolasaí

Cáin:

Más mian le duine/eagraíocht táille a ghearradh ar dhaltaí as freastal ar ranganna/gníomhaíochtaí go príobháideach ach go n-úsáideann sé áitreabh na scoile caithfidh an duine/eagraíocht sin na nithe seo a leanas a dhéanamh chun a chruthú go bhfuil sé/sí féin-fhostaithe agus nach bhfuil baint ag an scoil leis an ngnó:

- Deimhniú Imreithe Cánach a sholáthar don Bhord
- Bíodh árachas ar leith agat ón scoil chun an gníomhaíocht a chlúdach
- Cíos a íoc leis an scoil
- Ní ceadmhach don scoil aon pháirt a ghlacadh i bhfógraíocht na ranganna ná airgead ar bith a bhailiú

Déantar é seo chun a léiriú nach bhfuil baint ag an scoil leis an ngnó nó go measfaí gurb í an fostóir í.